

AN BHEAN SA MBRÁCA

Bhíodh bean ar bhuaile í féin agus buachaill beag, bhí bráca aca ar an sliabh. Bhí sí istigh sa mbráca an lá seo agus bhí an buachaill taobh amuich. Tháinig ceathrar fear isteach chuide agus ní raibh aithne ar bith aice orthab. Dubhairt siad go dtiubhraidís leob í. Bhíodh mná dá bhfuadach fadó ag feara.. Bhí trampa ag an mbean seo. Nuair a thuig sí an chúis chuir sí an trampa ina béal agus thosuigh sí dá bhualadh. Sé an port a chas sí,

Ceathrar cúigear
cúig is buachaill
atá ag teacht dom fhuadach
téirigh abhaile agus fuagair é.

Thuig an buachaill an rud a bhí sí a rádh leis an trampa chó maith is dá mbeadh sí ag caint as béal leis. Rith sé abhaile agus is d'fhuagair sé é. Tháinig neart congnamh agus níor leig siad an bhean chun siubhail. Bhuaileadar an ceathrar fear i riocht is nach raibh siad féin i ndon imtheacht. Choinnigh an bhean na fir ag casadh port dóibh agus ag comhrádh go dtáinig an congnamh, bíonn rian mór ag na mná - cuid acab.